

# ☘ An Lúibín ☘

31 Márta 2011

## **Pobal gan áireamh**

*No one knows how many speakers of Irish there are. What seems certain is that the number of urban and overseas speakers is on the rise.*

Dá bhfiadrófa cá mhéad cainteoir líofa Gaeilge atá ann, ní bheadh duine ar bith in ann freagra cruinn a tabhairt duit. Ní cabhair ar bith chuige na figiúirí daonáirimh in Éirinn, treoir a thugann le fios go bhfuil Gaeilge ag leath an phobail. Déarfadh daoine stuama go bhfuil timpeall 200,000 cainteoir ann, agus déarfadh daoine eile (nach bhfuil chomh stuama sin, b'fhéidir) go bhfuil suas le 300,000 ann. Agus sin gan trácht ar a bhfuil de chainteoirí líofa i dtíortha eile – cé go bhfuil sé chomh deacair céanna a líon sin a mheas. San Astráil, mar shampla, áirítear teangacha de réir teaghlaigh, ní de réir cainteoirí aonair, ach is beag teaghlach a d'úsáidfeadh Gaeilge mar ghnáthchaint an tí.

Is dócha gur i mBaile Átha Cliath atá an chuid is mó de chainteoirí líofa, cuid acu ón tsean-Ghaeltacht ach a bhformhór ina nGaeilgeoirí cathrach. Is deacair an dara dream a aithint ó tá nós acu cloí le Béarla mura bhfuil a fhios acu go deimhin go bhfuil Gaeilge agat. Ach tá siad ann i ngan fhios do na Béarlóirí – agus do Ghaeilgeoirí eile freisin, uaireanta. Bhí rud le rá ag Alan Titley, scríbhneoir nótaí Gaeilge, roinnt blianta ó shin faoi seo, agus é ag cuimhneamh ar ócáid drámaíochta i mBaile Átha Cliath a tharraing slua Gaeilgeoirí:

Bhí daoine ag titim amach as na doirse. Agus Gaeilge ar fad a bhí ar siúl acu – níor chuala mé focal Béarla. Agus formhór na ndaoine, níor aithin mé iad. Agus dob ait liom ar fad é agus nílim tar éis teacht chun réitigh go hiomlán leis.<sup>1</sup>

Caithfidh Gaeilgeoirí na hÉireann maireachtáil i gcultúr an mhóiraimh, agus is minic, is dócha, gur mó an úsáid a bhaineann siad as na meáin Bhéarla ná as na meáin Ghaeilge. Tá rian an dearcaidh sin le haithint ar chúrsaí eile freisin. Mar scríbhneoir, deir Titley gur bhraith sé go minic go bhfuil easpa muiníne ag lucht na Gaeilge as a gcuid litríochta féin. Thairis sin, féadann saol an Bhéarla toradh na teanga eile a tharraingt chuige féin: 'Mar shampla, déantar plé ar Nuala Ní Dhomhnaill mar fhile Béarla ar chúrsaí Béarla ar fud na hÉireann, mar sin tá gabháltas á dhéanamh uirthí'.

Maidir le líon na nGaeilgeoirí in Éirinn, ní foláir súil (súil amhrasach, b'fhéidir) a thabhairt ar phobalbhreith náisiúnta a rinne Lastminute.com ar scileanna teanga in Éirinn. Dealraíonn sé go raibh Gaeilge ar a dtóil ag os cionn leath na ndaoine ar cuireadh agallamh orthu. Bhí labhairt na Gaeilge, más fíor, ag 54% de na daoine i gCúige Connacht agus i gCúige Uladh, ag 46% i mBaile Átha Cliath agus gCúige Laighin agus ag 45% i gCúige Mumhan. Chuathas chun cainte le míle duine, agus mhaígh 56% den dream a bhí idir 18-25 bliain d'aois go raibh Gaeilge líofa acu. Dúirt 57% díobh gur labhair siad Gaeilge an tseachtain chéanna is a ghlac siad páirt sa tsuirbhé. B'fhéidir gur mar sin atá an scéal, agus cuspóirí an rialtais bainte amach gan súil leis, ach níl sé ag cur le haon fhianaise eile. Is fios go bhfuil claonadh ag daoine ar na saolta seo chun áibhéil a dhéanamh ar an eolas atá acu ar an teanga, agus is leor de mhíniú an méid sin.

Fágann sin an dream thar lear, daoine a d'fhoghlaim Gaeilge i gCeanada, sna Stáit, sa Bhreatain, san Astráil agus in áiteanna eile, agus eolas maith acu uirthi, b'fhéidir. An chuid acu ar de shliocht Éireannach iad níl iontu ach mionlach beag, ach ní gá gur mór a líon chun go bhféadfaidís an teanga a

<sup>1</sup> Agallamh le *Beo*, 2004: <http://www.beo.ie/alt-alan-titley.aspx>.

chur chun cinn. Agus tá scata eile fós ann nach de phór na nGael iad ach a d'fhoghlaim Gaeilge le spéis inti. Mar a dúradh cheana, ba dheacair tuairim chruinn a thabhairt ar uimhir na n-eachtrannach úd, agus ní thabharfadh *An Lúibín* féin faoi i gcás Melbourne, a chathair dhúchais. Is dócha, i ndáiríre, gur mó a líon ná mar a mheastar.

Ar an drochuair, tá an tsean-Ghaeltacht ag meath agus ag feo. Os a choinne sin, níl aon rud is dóichí ná go bhfuil líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid, a bhuíochas sin, mórán, ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus ar an spreagadh a thugann rialtas na hÉireann chun múineadh na teanga in ollscoileanna eachtrannacha. Lá éigin tuigfidh an domhan is a mháthair go bhfuil an Ghaeilge ann – rud nach dtuigtear faoi láthair.



### **Dáil leath-theangach**

Sa Dáil dheireanach, de réir mar a deirtear,<sup>2</sup> bhí máistreacht nó eolas réasúnta ar an nGaeilge ag trí dhuine is tríocha de na Teachtaí Dála. Tríocha Gaeilgeoir atá sa Dáil nua. Tá áis aistriúcháin chomhuainigh sa Dáil, ar ndóigh, ach is beag feidhm a bhaintear aisti, agus ní labhraítear Gaeilge ach chun ceist na Gaeilge féin a chíoradh.

Deirtear gur leasc le polaiteoirí Gaeilge a úsáid agus a fhios acu go ndéanann na meáin Bhéarla neamhaird ar a ndeirtear sa teanga eile. Deirtear fiú nach mian le Teachtaí Dála atá ar bheagán Gaeilge úsáid a bhaint as an áis aistriúcháin chomhuainigh toisc gur fearr leo a chur in iúl go dtuigeann siad gach focal.



### **Múinteoirí ag imeacht**

Tá breis is dhá scór gaelscoileanna le múinteoirí a chailleadh i Mí Mheán Fómhair. Faoi láthair tá a lán múinteoirí acu le hais líon na ndaltaí, ach ní bheidh acu feasta ach an líon céanna múinteoirí is atá ag scoileanna lán-Bhéarla. Is iad na Gaelscoileanna is mó a bheidh thíos leis na scoileanna a bhfuil triúr agus ochtar múinteoirí acu.

Tá Gaelscoileanna Teo ag cur i gcoinne an tsocráithe nua, agus iad á áitiú go mbíonn neart obair bhreise le déanamh i nGaelscoil – an curaclam go léir a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla. B'fhéidir go gcaillfeadh scoil is tríocha aon mhúinteoir amháin. Caillfidh ceithre scoil beirt mhúinteoirí agus beidh ar phríomhoidí riaracháin dul ag múineadh arís i sé scoil eile. Beidh níos mó daltaí sna ranganna agus beidh níos mó ranganna measctha ann.

Ní bhacfaidh seo ar leathnú na nGaelscoileanna. Tá dhá cheann nua le bheith ann, agus iad lonnaithe i gcrios comaitéireachta Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil an t-aos óg ag dul i líonmhaire i gceantair áirithe.



### **An Coimisinéir á chiapadh**

*Ireland's language ombudsman is again frustrated by the paucity of Irish speakers in the civil service.*

Tá Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, tar éis a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2010 a fhoilsiú. Tá sé cráite toisc a laghad sin Gaeilge a bheith á labhairt sa státseirbhís, agus tá sé ag iarraidh ar an rialtas geallúint a thabhairt go bhfostófar i bhfad níos mó daoine dátheangacha nuair a thosófar ag earcú foirne arís. (Ní fios go díreach cá bhfaighfí iad agus gan athchóiriú déanta fós ar dhrochmhúineadh na teanga sna scoileanna lán-Bhéarla, mar atá geallta ag rialtas nua na hÉireann.) Deir an tuarascáil gur theip ar bhreis is an ceathrú cuid de Ranna agus Oifigí Rialtais an tseirbhís is lú ar

<sup>2</sup> Claire Fitzpatrick agus Ciarán Dunbar, *Gaelscéal*, 11/3/2011.

fad a sholáthar trí Ghaeilge do chustaiméirí ar an nguthán. Theip ar 29% eile a oiread seirbhíse a chur ar fáil i nGaeilge agus a chomhlíonfadh a ndualgais reachtúla.

Deir an Cuirríneach go gcuirtear iallach ar dhaoine Ghaeilge a fhoghlaim ach nach dtugtar deis dóibh Gaeilge a úsáid. Níl ach 1.5% d'fhoireann riaracháin na Roinne Oideachais agus Scileanna in ann seirbhíse a sholáthar sa dá theanga - laghdú 50% le cúig bliana anuas. Bhí ceann is caoga de na cúig scéim Ghaeilge is céad sna comhlachtaí poiblí críochnaithe gan athnuachan faoi dheireadh na bliana 2010.

Deir sé nach mór an t-airgead a chaitear ar cháipéisí a asitriú go Gaeilge. Léiríonn a thuarascáil, mar shampla, gur costas €10,112 a bhain le haistriúchán Gaeilge a dhéanamh ar dhréachtphlean forbartha Chomhairle Contae an Chláir idir na blianta 2011 agus 2017 - níos lú ná an tríú cuid den mhéid a maíodh sna nuachtáin.

Rinneadh 700 gearán leis an gCoimisinéir Teanga sa bhliain 2010, an méid gearán is mó a fuarthas riamh.



### Seachtain na fáilte

Tá rialtas na hÉireann agus grúpaí Gael-Mheiriceánacha ag iarraidh sliocht na nGael a mhealladh chun na gceantar ar fáisceadh a sinsir astu. Thosaigh an tionscadal in iardheisceart na Gaillimhe, agus táthar ag súil lena chur ar bun ar fud na tíre. Beidh daoine ag fáil eolais ar stair an pharóiste, ar an gceol agus ar na radhairc, agus beidh an siamsa agus an *paddywhackery* logánta faoi lán seoil. .

'Seachtain na Fáilte' atá an tionscadal, agus má éiríonn leis beidh ola ar chroí na gcuariteoirí. Beidh ola freisin ar chroí na siopadóirí agus na n-údarás áitiúil, mar rinne an cliseadh eacnamíoch an-díobháil don turasóireacht, agus seo bealach seiftiúil chun an bhris sin a thabhairt isteach.

Beidh an spórt ar siúl ó 26 Meitheamh go dtí 2 Iúil i gContae na Gaillimhe, agus leathfaidh sé ar fud na tíre an bhliain seo chugainn. Tá eolas le fáil ag [www.irelandXO.org](http://www.irelandXO.org).



### Deireadh ré

*The Dalai Lama has announced his retirement from politics.*

Tá an Dalai Láma tar éis a fhógairt go bhfuil sé chun éirí as an bpolaitíocht agus gur mhaith leis ceannaire tofa a bheith ar Údarás Riaracháin na Tibéide (CTA – *Central Tibetan Administration* i mBéarla). Bunaíodh an tÚdarás sa bhliain 1958 san India chun cabhrú le teifigh Thibéadacha agus saoirse a thabhairt don Tibéid. Bhí beirt i gceannas air ó thús – an Dalai Láma agus an Príomh-Aire Tibéadach (*Kalon Tripa*) – agus d'fhág cúrsaí gaoil a rian air. Ba é Gyalo Thondup, an deartháir is sine ag an Dalai Láma, an tAire Slándála agus Cathaoirleach na Comh-Aireachta, agus ba í Jetsun Pema, an deirfiúr is óige, an tAire Sláinte agus an tAire Oideachais faoi seach.

Deirtear nach bhfuil sa CTA ach rud sealadach a chuirfear ar ceal ach a n-éireoidh an Tibéid neamhspleách. Idir an dá linn is mionrialtas é. Tá Rannóg mhór Airgeadais aige atá ag reachtáil gnólachtaí agus a chaitheann airgead mór ar chúrsaí polaitíochta agus riaracháin – airgead a dtiocfadh cuid mhaith de ó dhaoine fiala thar lear. Is dócha go bhfuil timpeall 100,000 Tibéadach san India, agus timpeall 1,000 duine nua ag teacht gach bliain thar theorainn a bhfuil bearnaí fós ann. Tá gá acu le hoideachas, le cúrsaí leasa shóisialaigh agus le poist, rudaí nach mór íoc astu.

Níl an CTA in amhras ar cá mhéad críoch ba chóir a bheith faoi smacht ag rialtas dúchasach: Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide (cé go ndéarfadh na Tibéadaigh nach bhfuil an féinrialú ann), Cúige Qinghai, agus limistéir Thibéadacha in Sichuan, i nGansu agus in Yunnan.

Dúirt an Dalai Lama tamall maith ó shin go mbeadh sé sásta le féinrialú ceart sa Tibéid seachas le lán-neamhspleáchas. Comhréiteach é sin a bheadh rian na caoithiúlachta air agus nach mbréagnódh an bundearcadh atá ag an Dalai Lama agus ag formhór na dTibéadach i leith a dtíre. Creideann siad fós gur thír neamhspleách riamh í an Tibéid, cé gur éirigh leis an tSín smacht a imirt uirthi ó am go chéile. Tá an-doicheall go deo ar na Síngigh roimh an Dalai Lama, doicheall a bhaineann, gan amhras, leis an meas atá ag na Tibéadaigh air: ar an dóigh sin tá sé ag dul in iomaíocht leis an bPáirtí, peaca nach furasta a mhaitheamh dó. Meas é nach féidir a scrios le lámh láidir ná le mealladh, ach b'fhéidir go mbeadh na Síngigh sásta ceist an fhéinrialaithe a phlé i ndáiríre agus a sean-namhaid imithe. Bheadh sin ag brath freisin ar an té a tháinig ina áit; ach bheadh an tsean-eagla fós ar na Síngigh roimh aon rud a bhfuil blas an scarúnachais air.



### **Fuinneamh fabhtach**

*Nuclear power stations, however well-protected, are dangerous by nature. Do the benefits outweigh the risks?*

Mar is eol don saol, ní hé an crith talún a rinne an oiread sin díobhála do na imoibritheoirí núicléacha in oirthear na Seapáine, ach an súnámaí a lean é agus a bháigh an trealamh fuaraithe. Níl a fhios againn fós conas a chríochnóidh an scéal seo.

Tá a fhios againn, áfach, cén toradh a bheadh ar thubaiste núicléach. Dá rachadh radaíocht i bhfeidhm ar dheich milliún duine de bharr ollchliseadh núicléach, gheobhadh 100,000 acu bás le diantinneas radaíochta i gceann sé seachtaine, bheadh easpa anála ar 50,000 eile agus thioctadh dianhipirtíoraídeacht ar 200,000 duine. Agus sin gan trácht ar na mílte leanbh a bhéarfaí le hinchinn phollta, na mílte a chaillí sa bhroinn, na mílte duine a dtioctadh ailse orthu feasta.

Tomhaistear an radaíocht le millisívirt agus le sívirt. Millisíveart amháin in aghaidh na bliana an leibhéal sábháilte is mó i gcás an ghnáthdhuine, agus meastar gur féidir le hoibrí núicléach fiche millisíveart in aghaidh na bliana a fhulaingt. Tuirse, tinneas cinn agus samhnas a thagann de 500-1000 millisíveart (leathshíveart go síveart amháin); cur fola, samhnas, othrasú na-aenna agus bás uafásach a thioctadh de dhá shíveart suas go ceithre shíveart. Dhéanfadh leibhéal níos airde dochar don inchinn agus don lárchóras neirbhíseach – agus, ar ndóigh, gheofa bás.

Is minic gaethe gáma ina gcúis le dianbhabhtáí radaíochta. Radaíocht ianaithe í a dhéanann díobháil do chealla agus do DNA trí chuid de na cáithníní luchtaithe a bhaint de na hadaimh. Uaireanta brúchtann iseatóipí raidighníomhacha cáithníní alfa. Ní thig leo achar fada a ghabháil ná dul tríd an gcráiceann, ach má shlogtar iad déanann siad díobháil mhór. Tá a lán saghsanna iseatóipí le fáil in imoibritheoirí agus cuid acu i bhfad níos measa ná a chéile. Níl leigheas ar an ngalar, cé gur féidir na hairionna a chóireáil.

Ach tá méadú ag teacht ar úsáid na himoibritheoirí, agus ní gan chúis é, más fíor do lucht a gcosanta. Tá siad ag éirí níos sábháilte agus níos buanaseasmhaí, más fíor, tá fadhb na dramháiola á fuascailt, más fíor, agus tá siad thar a bheith glas. Is cinnte, mar shampla, nach rachach súnámaí isteach sa trealamh fuaraithe is déanaí de chuid Westinghouse, mar go bhfuil sé istigh san imoibritheoir féin. Thairis sin de, níl breosla in easnamh ar an tionscal: tá an Astráil féin ag soláthar neart úráiniam, cé gur beag imoibritheoir atá aici fós.

Dearcadh é seo nach nglactar leis i ngach áit. Deirtear go bhfuil timpistí ann agus 'teagmhais' – timpistí beaga a thiteann amach anois agus arís. Ní scaoiltear radaíocht agus ní dhéantar dochar mór don trealamh. I ndáiríre, mar a deir an tOllamh Bernard Sovacool, is féidir le 'teagmhas' daoine a mharú agus luach \$50,000 de dhíobháil nó os a chionn a dhéanamh.<sup>3</sup> Tá mo dhuine ar an dream a bhfuil

<sup>3</sup> 'Nuclear power's record is neither safe nor clean,' Benjamin Sovacool, *Australian Financial Review*, 18/3/11. Ollamh é sa Lee Kuan Yew School of Public Policy, National University of Singapore. Tá leabhar leis, *Contesting the Future of Nuclear Power*, le teacht amach gan mhoill.

doicheall orthu roimh chumhacht núicléach, agus deir sé gur minic a thiteann ‘teagmhaisí’ amach: tharla os cionn 30,000 timpistí den saghas sin in imoibritheoirí Meiriceánacha idir na blianta 1979 (bliain Oileán na dTrí Mhíle in Pennsylvania) agus 2009, agus d’fhéadfadh cuid acu tubaiste a tharraingt.

Ceist eile fós is ea an chaoi a choinnítear ar an trealamh. Sa bhliain 2003, nuair a tharla lándorchú in oirthuaisceart na Stát, léiríodh nach raibh na gineadóirí díosail cúltaca i bhfearas ag breis is dhá imoibritheoir déag, agus in Ontario stad a lán imoibritheoirí d’oibriú ar fad in áit fanacht i mód fuireachais.

Fágann sin gur breá an rud é dá mbeadh a mhalairt de bhreosla ann. Agus tá – an tóiriam, tearcithir raidighníomhach atá ina fhothoradh de na tearcithreacha i ngaineamh monaisíte, mianra rua fosfáite. Tá leas ar leith ag baint leis mar bhreosla núicléach: ní thiocfadh ollchliseadh de, gintear fuinneamh go neamhchostasach, ní thagann fothorthaí cogaidh as agus dófaidh sé an dramhaíl ardleibhéil atá anois ann. Ní foláir é a chur ar siúl le neodróin ó imoibritheoir úráiniam, ach ina dhiaidh sin féadann imoibritheoir tóiriam imoibritheoirí eile den sórt sin a chur ar siúl as éadan a chéile. Tá neart tóiriam ann, agus tá a lán tíortha ag smaoineamh anois ar é a úsáid.

Más é an tóiriam a thabharfaidh slán sinn, is iomaí seanimoibritheoir atá ann fós, agus níor theip an tuathal riamh ar an duine. Beidh timpistí eile ann agus tubaistí féin. Ní foláir, mar sin, a shocrú cé acu is tábhachtaí linn – an baol nó an leas.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Leaganacha Simplí

### Pobal gan áireamh

Níl a fhios ag aon duine cá mhéad cainteoir líofa Gaeilge atá ann. Ní maith an treoir iad na figiúirí daonáirimh<sup>4</sup> in Éirinn, mar deir siad go bhfuil Gaeilge ag leath an phobail. B’fhéidir go

<sup>4</sup> Ní maith an treoir iad na figiúirí daonáirimh – the census figures are not a good guide

bhfuil timpeall 200,000 cainteoir ann, nó suas le 300,000 féin. Tá a lán Gaeilgeoirí i dtiortha eile, cé gur deacair a líon a mheas.

Is dócha gur i mBaile Átha Cliath atá an chuid is mó de chainteoirí líofa, cuid acu ón tsean-Ghaeltacht ach a bhformhór ina nGaeilgeoirí cathrach. Is deacair an dara dream a aithint ó tá nós acu Béarla amháin a labhairt<sup>5</sup> má mheasann siad go bhfuil aon Bhéarlóirí<sup>6</sup> ann

Caithfidh Gaeilgeoirí na hÉireann maireachtáil i saol an Bhéarla, agus is mó an úsáid a bhaineann siad as na meáin Bhéarla ná as na meáin Ghaeilge. Deir daoine éigin go minic go bhfuil easpa muiníne<sup>7</sup> ag lucht na Gaeilge as a gcuid litríochta féin.

Dúirt suirbhé le déanaí go raibh Gaeilge ar a dtóil<sup>8</sup> ag os cionn leath na ndaoine ar cuireadh agallamh orthu. Chuaigh siad chun cainte le míle duine, agus mhaigh 56% den dream a bhí idir 18-25 bliain d'aois go raibh Gaeilge líofa acu. Níl sin ag cur le haon fhianaise eile.<sup>9</sup> Tá laonadh ag daoine chun áibhéil a dhéanamh ar an eolas atá acu ar an teanga.

Fágann sin an dream thar lear, daoine a d'fhoghlaim Gaeilge i gCeanada, sna Stáit, sa Bhreatain, san Astráil agus in áiteanna eile. De shliocht Éireannach cuid acu<sup>10</sup> agus de shliocht eile cuid eile acu. Ba dheacair tuairim chruinn a thabhairt ar a n-uimhir.

Tá an tsean-Ghaeltacht ag meath. Os a choinne sin,<sup>11</sup> tá líon na nGaeilgeoirí ag dul i méid, a bhuíochas sin ar<sup>12</sup> na scoileanna lán-Ghaeilge agus ar an spreagadh a thugann rialtas na hÉireann chun múineadh na teanga in ollscoileanna eachtrannacha. Lá éigin tuigfidh an domhan is a mháthair go bhfuil an Ghaeilge ann – rud nach dtuigtear faoi láthair.

### **An Coimisinéir á chiapadh**

Tá Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, tar éis a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2010 a fhoilsiú. Tá sé ag iarraidh ar an rialtas i bhfad níos mó Gaeilgeoirí a fhostú sa státseirbhís. Deir an tuarascáil nach bhfuil fiú an ceathrú<sup>13</sup> cuid de Ranna agus Oifigí Rialtais in ann seirbhís a thabhairt trí Ghaeilge ar an nguthán.

Deir an Cuirríneach go gcuirtear iallach ar dhaoine<sup>14</sup> Ghaeilge a fhoghlaim ach nach dtugtar deis dóibh Gaeilge a úsáid. Tá laghdú mór tagtha ar an líon nGaeilgeoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna, agus tá deireadh lena lán scéimeanna Gaeilge sna comhlachtaí poiblí.

Deir sé nach mór an t-airgead a chaitear ar cháipéisí a aistriú go Gaeilge,<sup>15</sup> d'ainneoin na ngearán a dhéantar faoi.

Sa bhliain 2010 rinneadh 700 gearán leis an gCoimisinéir Teanga faoi dhrochsheirbhísí Gaeilge, an méid gearán is mó a fuarthas<sup>16</sup> riamh.

### **Fuinneamh fabhtach**

Tá a fhios ag gach duine anois nárbh é an crith talún a rinne an díobháil mhór do na imoibrítheoirí núicléacha<sup>17</sup> sa tSeapáin ach an súnámaí a lean é agus a bháigh an trealamh fuaraithe.<sup>18</sup>

<sup>5</sup> tá nós acu Béarla amháin a labhairt – they habitually speak only English

<sup>6</sup> aon Bhéarlóirí – any English speakers

<sup>7</sup> easpa muiníne – a want of trust (as – in)

<sup>8</sup> go raibh Gaeilge ar a dtóil acu - that they spoke English fluently

<sup>9</sup> Níl sin ag cur le haon fhianaise eile – that is not in accord with any other evidence

<sup>10</sup> De shliocht Éireannach cuid acu – some are of Irish descent

<sup>11</sup> Os a choinne sin – on the other hand

<sup>12</sup> a bhuíochas sin ar – thanks to

<sup>13</sup> fiú an ceathrú cuid – even a quarter

<sup>14</sup> go gcuirtear iallach ar dhaoine – that people are made to learn Irish

<sup>15</sup> a chaitear ar cháipéisí a aistriú go Gaeilge – that is spent on translating documents to Irish

<sup>16</sup> a fuarthas – that were received

<sup>17</sup> imoibrítheoirí núicléacha – nuclear reactors

Tá a fhios againn, áfach, cén toradh a bheadh ar thubaiste núicléach. Gheobhadh 100,000 acu bás le tinneas radaíochta<sup>19</sup> i gceann sé seachtaine agu thiocfadh ailse ar na mílte níos déanaí.

Is minic gaethe gáma<sup>20</sup> ina gcúis le babhtai radaíochta. Déanann siad díobháil do chealla agus do DNA. Má shlogtar iad déanann siad díobhail mhór. Níl leigheas ar an ngalar, cé gur féidir na hairionna a chóireáil.<sup>21</sup>

Ach tá méadú ag teacht ar úsáid na himoibritheoirí. Deirtear go bhfuil siad ag éirí níos sábháilte. Tá mórán breosla ann: tá an Astráil ag soláthar úráiniam, mar shampla.

Deir daoine eile go dtiteann an iomarca timpistí ‘beaga’ amach. Maraítear daoine agus déantar dochar mór eile. Tharla breis is 30,000 timpiste<sup>22</sup> den saghas sin i Meiriceá idir na blianta 1979 agus 2009. Deirtear nach féidir a bheith cinnte i gcónaí go bhfuil caoi mhaith<sup>23</sup> ar an trealamh.

Ní gá úráiniam a úsáid mar bhreosla. Tá an tóiriam ann, ábhar atá i bhfad níos sábháilte ná úráiniam. Ní thagann ollchliseadh de<sup>24</sup> agus tá sé neamhchostasach. Ní foláir<sup>25</sup> é a chur ar siúl le húrániam, ach ina dhiaidh sin is féidir le himoibritheoirí tóiriam imoibritheoirí eile den sórt sin a chothú, agus tá mórán tóiriam ann.

Mar sin féin, is iomaí seanimoibritheoir atá fós ann,<sup>26</sup> agus beidh timpistí eile ann dá bharr. Ní mór dúinn a shocrú cé acu is tábhachtaí linn<sup>27</sup> – an baol nó an leas.

---

<sup>18</sup> trealamh fuaraithe – cooling equipment

<sup>19</sup> tinneas radaíochta – radiation sickness

<sup>20</sup> gaethe gáma – gamma rays

<sup>21</sup> na hairionna a chóireáil – treat the symptoms

<sup>22</sup> breis is 30,000 timpiste – more than 30,000 accidents

<sup>23</sup> caoi mhaith – good condition

<sup>24</sup> Ní thagann ollchliseadh de – no meltdown happens because of it

<sup>25</sup> Ní foláir – one must

<sup>26</sup> is iomaí seanimoibritheoir atá fós ann – many old reactors still exist

<sup>27</sup> cé acu is tábhachtaí linn – which (of them) we think more important